# Dínit an Bhróin

le Máirtín Ó Direáin



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Dínit an Bhróin


**Dínit an Bhróin le Máirtín Ó Direáin**

Nochtaíodh domsa tráth
Dínit mhór an bhróin,
Ar fheiceáil dom beirt bhan
Ag siúl amach ó shlua
I bhfeisteas caointe dubh
Gan focal astu beirt:
D'imigh an dínit leo
Ón slua callánach mór.



Bhí freastalán istigh
Ó línéar ar an ród,
Fuadar faoi gach n-aon,
Gleo ann is caint ard;
Ach an bheirt a bhí ina dtost,
A shiúil amach leo féin
I bhfeisteas caointe dubh,
D'imigh an dínit leo.

# Achoimre



**Véarsa 1**

Tá an file ag caint sa chéad véarsa sa dán seo. Tá cuimhne aige ar eachtra an-suntasach ina shaol, uair a nochtaíodh dínit agus uaisleacht an bhróin agus an bháis dó. Dán eipeafáineach atá sa dán seo. Déanann an Direánach cur síos ar bheirt bhan a chonaic sé ag siúl leo go sollúnta agus go calma amach ó dhronga. Bhí an bheirt acu gléasta in éadaí dubha a chaitheadh daoine fadó agus iad ag caoineadh duine muinteartha leo a cailleadh. Níor chuala an file smid astu ach chonaic sé an uaisleacht agus an mhaorgacht iontu. Éipeafáine é seo, is é sin, móimint léargais nuair a thuig an file dínit den chéad uair.

**Véarsa 2**

Tar éis na heipeafáine seo, cuireann an Direánach codarsnacht láidir faoi bhráid an léitheora sa dara véarsa. Tá codarsnacht shoiléir le sonrú idir an bheirt bhan uaisle agus slua mór de dhaoine atá glórach agus torannach. Tagann bád beag i dtír le slua ó long ollmhór atá amuigh ar ancaire ón gcósta. Tá an slua faoi dheifir agus tá siad glórach agus ag cabaireacht go torannach. Fanann an bheirt bhan ina dtost, áfach, iad ag gluaiseacht go huaigneach ina n-éadaí dubha. Tá codarsnacht ghlan idir na mná seo agus na dronga atá mórthimpeall orthu. Agus na mná imithe, tugann siad radharc na dínite leo.

# Achoimre

**An Eipeafáine sa Litríocht – móimint léargais nuair a thuigeann tú rud éigin i gceart den chéad uair riamh. Is gné an-suntasach den litríocht Nua-aoiseach í an eipeafáine.**

**Bhain James Joyce úsáid as an eipeafáine go minic ina chuid litríochta agus tá an cháil ar Eoghan Ó Tuairisc agus Diarmaid Ó Súilleabháin as an eipeafáine a úsáid ina gcuid úrscéalta Gaeilge.**

Sa dán feicimid móimint léargais an-tábhachtach i saol an fhile. Tuigeann sé den chéad uair nach drochrud é an brón i gcónaí agus gur rud é a fhulaingíonn gach duine.



# Dínit an Bhróin

**‘Tá cime romham/**
**tá cime i mo dhiaidh/**
**is mé féin ina lár/**
**i mo chime mar chách’**

Máirtín Ó Direáin

# Saol agus Saothar an Fhile:

Rugadh Máirtín Ó Direáin sa bhliain 1910 ar Oileán Árann, amach ó chósta na Gaillimhe. Ba é an mac ba shine é de cheathrar. Bhásaigh a athair, Seán Ó Direáin, agus é óg. Agus é ocht mbliana déag d'aois, fuair an Direánach post in Oifig an Phoist i nGaillimh. Agus é ann, ghlac sé páirt ghníomhach i saol cultúrtha na cathrach. Bhog sé go Baile Átha Cliath ansin, áit ar oibrigh sé sa stáitseirbhís go dtí go ndeachaigh sé ar pinsean.

Thosaigh sé ag cumadh filíochta sa bhliain 1938. Foilsíodh Coinnle Geala (1942), Ó Morna agus Dánta eile (1957) agus Ár Ré Dhearóil (1962) agus bhí sé ina cheannródaí ar ghluaiseacht nua na filíochta Gaeilge le Seán Ó Ríordáin agus Máire Mhac an tSaoi. Chaith an Direánach a shaol ar fad ó 1937 i mBaile Átha Cliath agus níor bhog sé abhaile go hoileán a dhúchais. Ina ainneoin sin, bhí an t-oileán mar phríomhábhar a chuid filíochta, ba iad muintir an oileáin príomhcharachtair a chuid dánta agus ba pharthas ar domhan a oileán dúchais go deireadh a shaoil. Cailleadh sa bhliain 1988 é.

# Teideal an Dáin

**‘Dínit an Bhróin’ is teideal don dán seo.**

Tá an teideal seo cumhachtach agus suntasach toisc go léiríonn sé luachanna an fhile. Luachanna seanbhunaithe is ea iad na luachanna sin ach ní luachanna seanfhaiseanta iad. Agus é ag breathnú ar bheirt bhan agus iad ag caoineadh báis, tuigeann sé gur rud luachmhar atá sa bhrón agus go bhfuil dínit ag baint leis. Bíonn daoine ar thóir áthais, sásaimh agus spraoi mar aon leis an ‘slua callánach’.

Cuireann an Direánach luach ar an mbrón áfach mar rud atá ómósach, díniteach agus le moladh. Tá teachtaireacht láidir, mar sin, sa teideal seo agus sa dán trí chéile atá tráthúil fiú sa lá atá inniu ann, is é sin, nach bhfuil náire ag baint leis an mbrón agus nár chóir dímheas a bheith ar thréimhsí brónacha sa saol. Níor chóir náire a bheith ar aon duine as tréimhsí brónacha a fhulaingt.



# Príomhphointí

· Tá an file ag breathnú siar sa dán seo ar mhóimint thábhachtach ina shaol nuair a bhí eipeafáine aige.

· Agus é ag siúl lá amháin feiceann sé beirt bhan.

· Tá an bheirt bhan seo gléasta in éadaí dubha a léiríonn gur ag caoineadh báis atá siad.

· Tagann siad amach ó shlua gan smid astu.

· Tuigeann an Direánach den chéad uair agus é ag breathnú orthu go bhfuil uaisleacht, maorgacht agus dínit ag baint leis an mbrón.

· Agus é ag teacht chuige féin, feiceann sé slua ag teacht i dtír ó bhád beag. Tá long mhór ar ancaire amach ón gcósta.

· Tá codarsnacht shoiléir ansin idir an uaisleacht atá díreach feicthe aige agus an clampar atá ar bun ag slua an bháid.

· Tuigeann an Direánach gur nochtaíodh rud speisialta dó agus tá sé buíoch.

# Idir na Línte

Foghlaim
TG4